

Ráiteas Príobháideachais

Tá feidhm ag Airteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag Parlaimint na hEorpa.

1) Cé a dhéanann próiseáil ar do shonraí pearsanta?

Is í Parlaimint na hEorpa a ghníomhaíonn i ról an rialaitheora¹ agus is í Rúnaíocht Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra, an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Acmhainní Daonna, an tAonad um Roghnú Tallainne, a ndéanann a Cheann Aonad, Paul Emmett, ionadaíocht air, an t-eintiteas atá freagrach as an bpróiseáil;

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an rialaitheoir/eintiteas ag PERS-TalentSelection@europarl.europa.eu

2) Cad é an cuspóir atá le próiseáil do shonraí pearsanta?

Próiseáil iarratas ar líne do na nósanna imeachta roghnúcháin éagsúla a eagraíonn an tAonad um Roghnú Tallainne agus d'iarratais spontáineacha. Is gá bogearraí (Gestmax) arna gcur ar fáil ag Inasoft (Ceannoifig: 2507 avenue de l'Europe Bâtiment C – 69140 Rillieux la Pape) a úsáid chun an phróiseáil seo a dhéanamh. Tá na freastalaithe lonnaithe sa Fhrainc agus is cuideachta Francach a sholáthraíonn iad. Is iad seo a leanas na hoibríochtaí atá i gceist: - clárú ag na hiarrthóirí, lena n-áirítear doiciméid tacaíochta - próiseáil na gcomhad iarratais ag céimeanna éagsúla an nós imeachta roghnúcháin - cumarsáid leis na hiarrthóirí maidir le stádas a n-iarratais - measúnú ar cháilíochtaí ag an mbord roghnúcháin - bainistiú iarratas spontáineach - léirshamhlú na n-iarrthóirí ar éirigh leo ag seirbhísí earcaíochta PE.

3) Cad é an bunús dlí leis an bpróiseáil?

Is iad Airteagail 27-31, agus Iarscríbhinn III de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha fostaíochta seirbhíseach eile an bunús dlí atá leis an bpróiseáil.

4) Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?

- Ainm, sloinne, inscne, seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin, dáta breithe, áit bhreithe, saoránacht, teangacha.
- Sonraí a bhaineann le gnéithe pearsanta (staidéir agus taithí ghairmiúil).
- Sonraí a bhaineann le gairm.
- Sonraí maidir le misin agus taisteal (i gcás iarrthóirí inmheánacha, más ábhartha).

¹ Is é an Rialaitheoir an t-údarás, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile poiblí a chinneann, ina aonar nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta. Déanann ceann an eintitis ionadaíocht ar an rialaitheoir.

- Sonraí a bhaineann le sláinte (do Sheirbhís Liachta Parlaimint na hEorpa amháin d'iarrthóirí a iarrann bearta cóiríochta réasúnta le haghaidh trialacha scríofa agus/nó trialacha béil).
- Cuntas bainc agus/nó sonraí airgeadais eile (más ábhartha, agus sa chás sin amháin).

5) Cén chaoi a bpróiseálfar do shonraí pearsanta?

Ní bhaileofar agus ní phróiseálfar sonraí pearsanta uile na n-iarratasóirí ach a mhéid is gá chun próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar roghnúcháin a fhógraíonn Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra i Rúnaíocht na Parlaiminte. I gcomhréir le hAirteagal 4(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725, ní phróiseálfar sonraí den sórt sin chun aon chríocha eile ná ní úsáidfear iad chun tacú le bearta ná cinntí a bhaineann le haon duine aonair ar leith.

Is gá roinnt áirithe sonraí pearsanta a phróiseáil mar chuid d'aon chomórtas nó d'aon nós imeachta roghnúcháin ar léirigh iarratasóir spéis ina leith / i gcás iarratas spontáineach. Go ginearálta, beidh ainm agus mionsonraí an iarratasóra san áireamh sna sonraí sin, ach ní bheidh na sonraí teoranta do na nithe sin. I gcás iarrthóirí inmheánacha i roghnúchán sonrath, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí sna sonraí freisin uimhir phearsanra, stádas riaracháin (i.e. oifigeach bunaithe, gníomhaire sealadach, etc.), grád reatha, stair ghairmréime agus taithí ghairmiúil chomh maith le heolas breise a thugtar in aon litir inspreagtha. Tá na sonraí sin tábhachtach maidir lena shuíomh an bhfuil iarratasóir incháilithe chun cur isteach ar chomórtas nó nós imeachta roghnúcháin ar leith a fógraíodh, ó thaobh comhlíonadh riaracháin agus ó thaobh an bhfuil an taithí ghairmiúil is gá aige nó aici (má shonraítear taithí ar leith maidir leis an bpost sonrath), agus ina dhiaidh sin chun an t-iarratas a phróiseáil tuilleadh.

Is go hiomlán ar bhonn riachtanais eolais amháin a dhéanann baill foirne an Aonaid um Roghnú Tallainne agus comhaltaí an bhoird roghnúcháin sonraí de chuid iarrthóirí i gcomórtais agus i nósanna imeachta roghnúcháin a phróiseáil. Déantar na sonraí ar fheidhmíocht an iarrthóra i dtrialacha a choimeád san aonad agus ní chuirtear ar fáil iad ach do chomhaltaí an bhoird roghnúcháin, a bhfuil a gcuid oibre faoi rún. Ní dhéantar na sonraí a chur ar aghaidh am ar bith chuig aon seirbhís nó aonad eile, seachas Seirbhís Dlí PE i gcás gearán ar bhonn Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne nó i gcásanna Cúirte, agus chuig na bainisteoirí líne díreacha lena mbaineann in Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra.

6) Cá fhad a dhéanfar do shonraí pearsanta a stóráil?

Déanfar do shonraí pearsanta a stóráil:

- i gcás iarratasóirí nár éirigh leo: 2.5 bliain ó chur i crích an chomórtais
- i gcás iarratasóirí ar éirigh leo: go dtí deireadh thréimhse bailíochta an phainéil d'iarratasóirí ar éirigh leo.
- i gcás iarratasóirí spontáineacha: 2 bhliain

7) Cé hiad faighteoirí do shonraí pearsanta?

Féadfar sonraí na n-iarrthóirí ar éiríodh leo agus sonraí na n-iarratasóirí spontáineacha a chur ar fáil dóibh seo a leanas:

- Aonaid um Acmhainní Daonna in Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa
- Aonad um Earcú Foirne Pharlaimint na hEorpa
- an tAonad um Chreidiúnú (in AS na Slándála agus na Sábháilteachta), an tAonad um Acmhainní Airgeadais (in AS an Phearsanra), agus an tAonad Misin (in AS an Phearsanra).

8) An gcomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach nó le heagraíocht idirnáisiúnta?

Ní chomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

9) An úsáidtear aon phróisis uathoibríocha² agus/nó próifíliú³ chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit?

Ní úsáidtear.

10) Mura bhfuarthas sonraí pearsanta uait, cad é is foinse dóibh?

I gcás iarrthóirí inmheánacha amháin, is é is foinse do shonraí pearsanta ná córas bainistithe acmhainní daonna Pharlaimint na hEorpa, STREAMLINE.

11) Cad iad na cearta atá agat?

Seo a leanas na cearta atá agat:

- An ceart rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta.

² Cinneadh a dhéanamh trí mhodhanna uathoibríthe, agus tríothusan amháin, gan aon ionchur ón duine ina leith. {Samplaí Teoiriciúla: leathanach gréasáin ar a gcuirfear, mar thoradh ar roghanna áirithe a roghnú, ar liostaí éagsúla seachadta go huathoibríoch thú trína gcuirfear an nuachtlitir mhíosúil chomhfhreagrach chugat / córas uathoibríthe a úsáid chun freagraí "Ilrogha" trialacha a mharcáil agus pasmharc a thabhairt de réir líon na bhfreagraí cearta}.

³ Déanann próifíliú anailís ar ghnéithe de phearsantacht, d'iompar, d'ábhair spéise agus de nósanna an duine aonair chun tuartha nó cinntí a dhéanamh ina leith. Úsáidtear é chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe nó chun gnéithe a thuar a bhaineann le feidhmíocht an ábhair sonraí ag an obair, le staid eacnamaíochta, le sláinte, le roghanna pearsanta nó le díol spéise, le hiontaofacht nó le hiompraíocht, le suíomh nó le gluaiseachtaí, etc. {Sampla Teoiriciúil: nuair a úsáidtear na meáin shóisialta, déantar sonraí a bhailiú agus do threochtaí a chlárú. Úsáidtear ansin na sonraí sin chun tuartha nua/difriúla a dhéanamh i do leith.

- An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a cheartú.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a scriosadh.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart chun iniomparthachta sonraí.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart cur i gcoinne próiseála.
- An ceart chun teagmháil a dhéanamh le hoifigeach cosanta sonraí Pharlaimint na hEorpa ag data-protection@europarl.europa.eu.
- An ceart chun gearán a dhéanamh leis an [Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí](mailto:edps@edps.europa.eu) ag edps@edps.europa.eu